

Iniúchóirí

Dualgais agus Cearta

Treoir Ghairid



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
Office of the Director
of Corporate Enforcement

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Cad is iniúchóireacht ann?	2
Cad is iniúchóir ann?	2
Cé na daoine a gceadaítear dóibh feidhmiú ina n-iniúchóirí ag cuideachta?	3
Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina n-iniúchóirí ag cuideachta?	3
Cad atá i gceist le hiniúchadh?	4
Cathain is gá iniúchóireacht a dhéanamh?	5
Conas a cheaptar iniúchóirí?	5
Cad iad dualgais na n-iniúchóirí?	5
Cad iad na cineálacha tuairime is féidir le iniúchóirí a thabhairt?	6
Cad iad na dualgais eile atá ar iniúchóirí?	6
Dualgas tuairisc a thabhairt má tharla loiceadh taifid cuntasáíochta chuí a choimeád	6
Dualgas tuairisc a thabhairt faoi chionta indíotáilte	7
Dualgas míniú a thabhairt i gcás éirí as oifig	7
Dualgas feidhmiú le macántacht ghairmiúil	7
Cad iad na cearta atá ag iniúchóirí?	8
Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?	8

Maidir leis an treoir seo

Cuirtear an treoir ghairid seo ar fáil d'fhonn roinnt dá leagtar de dhualgas ar iniúcháirí faoi Acht na gCuideachtaí agus roinnt dá bhfuil de cheart acu faoin dlí a mhíniú.

Cad is iniúcháireacht ann?

Is ionann iniúcháireacht agus athbhreithniú ar ráitis airgeadais cuideachta agus sin á dhéanamh ag saineolaí neamhspleách ar a dtugtar iniúcháir. Is é cuspóir atá le hiniúchadh tuairim neamhspleách faoi ráitis airgeadais na tréimhse atá faoi chaibidil a chur ar fáil d'úinéirí na cuideachta (ar a dtugtar freisin comhaltaí nó scairshealbhóirí).

Cuidíonn an iniúcháireacht freisin le daoine atá i mbun gnó leis an gcuideachta a mheas an féidir brath ar a ndeireann an chuideachta faoi chúrsaí airgeadais.

Cad is iniúcháir ann?

Is cuntasóir neamhspleách atá in iniúcháir atá cáilithe maidir le hiniúcháireacht a dhéanamh.

Cé na daoine a gceadaítear dóibh feidhmiú ina n-iníúcháirí?

Cuntasóir (nó comhlacht cuntasóirí) ag a bhfuil cáilíocht maidir le hiniúcháireacht a dhéanamh ó cheann de na heagraíochtaí seo a leanas:

- Comhlachas na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte;
- Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí in Éirinn;
- Cuntasóirí Cairte Éireann;
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte i Sasana agus sa Bhreatain Bheag;
- Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Albain;
- Institiúid na gCuntasóirí Corpraithe Poiblí.

Cé na daoine a bhfuil cosc orthu feidhmiú ina n-iníúcháirí ag cuideachta?

Ní cheadaítear do stiúrthóirí cuideachta, rúnaithe cuideachta, fostaithe cuideachta ná neasghaoil dá gcuid, iniúcháireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais na cuideachta sin. Tá cosc air sin ionas go gcinntítear neamhspleáchas dáiríre na hiniúcháireachta.

Ní féidir ach oiread leis na daoine seo a leanas feidhmiú ina n-iníúcháirí:

- **féimhigh neamhurscaoilte** – daoine a bhfuil achainí déanta acu ar fhéimheacht agus nach bhfuil cead faighte acu ón gcúirt stopadh ag déanamh íocaíochtaí maidir leis na fiacha; nó
- **daoine dícháilithe** – daoine a fuarthas ciontach sa chúirt i gcalaois nó i mí-iompar tromchúiseach agus atá dícháilithe ó ghníomhú mar stiúrthóir go ceann tréimhse áirithe.

Cad atá i gceist le hiniúchadh?

I ndéanamh na hiniúcháireacht dóibh, is iondúil go ndéanann iniúcháirí:

- féachaint le gnó na cuideachta a thuiscint;
- na réimsí sin de na ráitis airgeadais is mó a mbeadh baol go mbeidís mícheart a shonrú;
- an cruinneas a sheiceáil maidir le hidirbhearta áirithe, comhardú agus nochtadh sna cuntais (eolas faoin gcuideachta nach mór a bheith ina chuid de na ráitis airgeadais);
- a shocrú an bhfuil polasaithe cuntasáochta na cuideachta (an modh ina ndéantar ríomh maidir le míreanna agus suimeanna ar an gclár comhardaithe agus sa chuntas brabúis agus caillteanais) réasúnta;
- tástáil ar rialáil inmheánach na cuideachta féachaint an bhfuil siad éifeachtach maidir le caillteanas nó calaois a chosc;
- a mheas an bhfuil meastacháin agus breithiúnais a raibh na stiúrthóirí ag brath orthu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú inghlactha;
- scrúdú ar aon eachtra suntasach a tharla ó ullmhaíodh na ráitis airgeadais;
- scríobh chuig na stiúrthóirí chun aon fhadhbanna a tugadh faoi deara le linn na hiniúcháireachta a leagan amach maille le comhairle faoina gcur i gceart; agus
- tuarascáil na n-iniúcháirí le comhaltaí na cuideachta a scríobh agus a eisiúint.

Cathain is gá iniúcháireacht a dhéanamh?

Ní mór do chuideachtaí na ráitis airgeadais a chur faoi iniúcháireacht gach bliain, mura bhfuiltear i dteideal díolúine ó iniúcháireacht. Mar shampla, ceadaítear do chuideachtaí beaga príobháideacha, agus do roinnt cuideachtaí faoi theorainn ráthaíochta (CTR) socrú gan iniúcháireacht a dhéanamh má shásaítear dhá choinníoll acu seo a leanas:

- láimhdeachas (ioncam) €8.8 milliún nó níos lú;
- clár comhardaithe ar luach iomlán €4.4 milliún nó níos lú (áirítear ar an gclár comhardaithe sócmhainní agus dliteanas na cuideachta ag tráth faoi leith);
- 50 fostaí nó níos lú, ar an meán.

Anuas air sin, ní foláir tuairisceán bliantúil na bliana reatha agus na bliana roimhe sin a bheith comhdaithe in am ag an gcuideachta leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO).

Conas a cheapar iniúcháirí?

Is iondúil gurb iad na stiúrthóirí a cheapann an t-iniúcháir tosaigh ar chuideachta nua. Ina dhiaidh sin, is iad comhaltaí na cuideachta a cheapann nó a athcheapann na hiniúcháirí ag cruinniú ginearálta bliantúil (CGB).

Cad iad dualgais na n-iniúcháirí?

Is é an dualgas is mó a leagtar ar an iniúcháir tuairisc a thabhairt do chomhaltaí na cuideachta faoi chruinneas agus iontaofacht ráitis airgeadais na cuideachta. Ní mór tuarascáil na n-iniúcháirí a thabhairt do gach comhalta agus a léamh ag an gCGB.

Cad iad na cineálacha tuairime is féidir le iniúchóirí a thabhairt?

Tá ceithre chineál ann:

- **dea-thuairisc** – ina maítear go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta;
- **tuairim mhaolaithe** – ina maítear go dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta cé is moite de nithe áirithe a luaitear go sonrach sa tuairisc;
- **séanadh tuairime** – ina luann na hiniúchóirí nach bhfuil ar a gcumas a theacht ar thuairim cibé a thugtar nó nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais; agus
- **tuairim chodarsnacha** – ina maítear nach dtugtar léargas fíorcheart sna ráitis airgeadais ar ghnóthaí airgeadais na cuideachta.

Cad iad na dualgais eile atá ar iniúchóirí?

Dualgas tuairisc a thabhairt má tharla loiceadh taifid cuntasaíochta chuí a choimeád

Sa chás go dtuigtear d'iniúchóirí nár choinnigh cuideachta taifid leordhóthanacha cuntasaíochta, ní mór sin a chur in iúl don chuideachta i scríbhinn. Sa chás nach gcuireann stiúrthóirí na cuideachta an cás ina cheart laistigh de sheacht lá, ní mór do na hiniúchóirí sin a chur in iúl don CRO. Déanfaidh an CRO an t-eolas a fhoilsiú agus tuairisc a thabhairt d'Oifig an Stiúrhóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE).

Dualgas tuairisc a thabhairt faoi chionta indíotáilte

Is ionann cion indíotáilte agus cion atá chomh tromchúiseach agus go ndéanfaí a thail os comhair breithimh agus giúiré sa Chúirt Chuarda.

Sa chás go dtagann na hiniúcháirí ar eolas le linn iniúcháireacht a dhéanamh dóibh a fhágann den tuairim iad go ndearna an chuideachta nó duine ar bith a bhaineann leis an gcuideachta cion indíotáilte faoi Achtanna na gCuideachtaí, ní mór dóibh:

- sin a chur in iúl d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE); agus
- cuidiú leis an ODCE i mbun an imscrúdúcháin maidir leis an gcuideachta.

Dualgas míniú a thabhairt i gcás éirí as oifig

Sa chás go n-éiríonn iniúcháirí as oifig roimh dheireadh a dtéarma nó go gcuireann siad in iúl nach mian leo go n-athcheapfaí iad, ní mór dóibh míniú air sin a thabhairt i scríbhinn don CRO. Ní mór dóibh a chur in iúl don CRO más dóigh leo gur chóir an chúis atá le héirí as oifig a chur in iúl do chomhaltaí nó do chreidiúnaithe na cuideachta. Déanfaidh an CRO an t-eolas seo a fhoilsiú.

Dualgas feidhmiú le macántacht ghairmiúil

Ní mór d'iniúcháirí an scil agus an cúram a oibriú i mbun iniúcháireachta dóibh a d'úsáidfeadh iniúcháir réasúnta inniúil. Sa chás nach ndéanann, d'fhéadfadh go mbeadh orthu damáistí a íoc leis an gcuideachta nó leis na comhaltaí.

Cad iad na cearta atá ag iniúchóirí?

Tá de cheart ag iniúchóirí:

- leabhair agus cuntais na cuideachta agus a cuid fochuideachtaí a fheiceáil;
- faisnéis agus ábhar míniúcháin a fháil ó stiúrthóirí agus ó fhostaithe na cuideachta;
- fógra a fháil faoi chruinnithe ginearálta na cuideachta agus freastal ar na cruinnithe sin agus labhairt acu; agus
- sa chás go mbeartaítear iniúchóirí a chur as oifig, cúinsí a mhíniú do na comhaltaí ag cruinniú ginearálta agus cur i gcoinne iad a chur as oifig.


Cá mbeadh breis eolais ar fáil agam?

Is féidir eolas níos mine faoi iniúchóirí a fháil ar láithreán gréasáin na hoifige, www.osfc.ie.

Sa chás nach bhfuiltear cinnte faoi dhualgas iniúchóirí agus faoinar gá duit a dhéanamh faoin dlí, ba cheart duit comhairle neamhspleách a fháil ó dhuine gairmiúil.

Séanadh

Leagtar amach sa Treoir Ghairid seo roinnt de na dualgais bhunúsacha atá ar iniúchóirí faoin dlí. Ní hionann an Treoir agus léirmhíniú dlíodóireachta ar aon chuid d’Acht na gCuideachtaí. Ní ghlacann an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach le freagracht ná dliteanas ar bith i ndáil le hearráid, míchruinneas ná easnamh ar bith a bhainfeadh leis an treoir seo.



Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach

Office of the Director
of Corporate Enforcement

Le haghaidh eolas eile:

✉ Oifig an Stiúirthóra um
Fhorfheidhmiú Corparáideach
16 Cearnóg Pharnell
Baile Átha Cliath 1
Éire

☎ 01 858 5800
Loghla 1890 315 015

☎ 01 858 5801

@ info@odce.ie

🌐 www.osfc.ie

*Tá leagan Béarla den leabhrán seo ar fáil
An English version of this booklet is available*